

## Fógra comórtais CONS/TA-AD/137

FAISNÉIS GHINEARÁLTA	
Roinn	DGA 3A UNITE GA/TRAD GA
Áit oibre	An Bhruiséil
Teideal an phoist	Riarthóir Teanga
Grúpa feidhme agus grád	Foireann shealadach - AD 5

AN DÁTA DEIRIDH A nGLACFAR LE HIARRATAIS	15 Iúil 2018
---	--------------

### 1. CÉ SINNE

Cuireann Ardrúnaíocht na Comhairle (ARC) cúnaimh ar fáil do Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus don Chomhairle Eorpach.

Is é an misean atá ag DGA 3 doiciméid na Comhairle Eorpaí, na Comhairle féin, agus na gcomhlachtaí ullmhúcháin a aistriú, agus prionsabail na bainistíochta fóna a chomhlíonadh ina chuid oibriúcháin go léir. Soláthraíonn sé doiciméid de cháilíocht mhaith d'úsáideoirí inmheánacha (seirbhísí na hArdrúnaíochta) agus d'úsáideoirí seachtracha (uachtaránachtaí, toscaireachtaí na mBallstát agus, ar deireadh, saoránaigh an Aontais Eorpaigh, arb iad is cúis leis an ilteangachas), laistigh de na spriocdhátaí is gá, agus cúram ar leith á dhéanamh aige go háirithe lena chinntiú gur leaganacha coibhéiseacha teanga a bheidh iontu go léir.

Fostaíonn an tSeirbhís Aistriúcháin tuairim is 900 comhalta foirne agus tá 24 aonad teanga aici a fhreagraíonn do theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh.

### 2. CÉ ATÁ AG TEASTÁIL UAINN

Tá post á thairiscint againn le foireann aistritheoirí, cúntóirí agus rúnaithe atá fiordhiograiseach, ildánach. Má tá tú paiteanta pointeáilte i mbun do chuid oibre agus ábalta oibriú faoi bhrú ama, is san aonad seo againne a gheobhaidh tú do chothrom de dhúshlán.

Beidh tú rannpháirteach i dtáirgeadh doiciméad atá riachtanach d'fhoirmíochtaí éagsúla Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus don Chomhairle Eorpach. Téacsanna casta de chineál dlí agus polaitiúil is mó a aistrimid, lena gcuimsítear gach réimse gníomhaíochta den Aontas Eorpach. De réir riachtanais an lae agus de réir mar a dháiltear an obair go himmheánach, beidh de chúram ort obair aistriúcháin, obair athbhreithnithe nó taighde téarmaíochta a dhéanamh.

Cuirimid oiliúint rialta ar fáil sna hábhair a bhíonn idir lámha againn, sna teangacha a úsáidimid agus sa réimse leathan d'uirlisí agus de mhodhanna oibre a chuireann ar ár gcumas freagairt go héifeachtach agus go solúbtha don sioréileamh a bhíonn ar ardcháilíocht faoi na srianta ama a fhorchuirtear le luas oibre Ardrúnaíocht na Comhairle.

### 3. CUSPÓIR AN PHOIST

Doiciméid a aistriú laistigh de chreat bheartas an ilteangachais

### 4. CÚRAIMÍ

- Doiciméid a aistriú ón bpríomhtheanga agus go dtí an phríomhtheanga agus doiciméid a ullmhú lena n-aistriú, úsáid chuí á baint as na bunachair sonraí ábhartha agus as na huirlisí TF iomchuí
- Athbhreithniú a dhéanamh ar dhoiciméid a aistrítear trí chomparáid a dhéanamh idir na buntéacsanna agus na spriocthéacsanna agus ceartúcháin ar na haistriúcháin a mholadh de réir na gcaighdeán a éilítear
- An cúlra faisnéise is gá a fhiosrú chomh maith le taighde téarmaíochta a dhéanamh, agus na torthaí a roinnt trí na bealaí iomchuí
- Eagarthóireacht a dhéanamh ar dhoiciméid a dréachtaíodh sa phríomhtheanga d'fhonn iad a thabhairt i gcomhréir leis na caighdeán a éilítear sa Chomhairle
- Coinneáil bord ar bord leis na hathruithe san úsáid a bhaintear as an mbunteanga agus as an sprioctheanga, go háirithe sna réimsí beartais ina bhfuil an tAontas Eorpach gníomhach
- Rannchuidiú le forbairt dea-chleachtas le haghaidh an aonaid nó le haghaidh na Seirbhíse Aistriúcháin trí mholtaí a dhéanamh faoi na bealaí is féidir na struchtúir atá ann cheana, na córais, na sreafaí oibre agus na próisis oibre a fheabhsú

## 5. TIMPEALLACHT OIBRE

- Dualgas fuireachais lasmuigh de na gnáthuaireanta oibre ag brath ar chruinnithe na Comhairle Eorpaí agus ar sheisiúin na Comhairle
- Teilea-oibriú
- Dualgas fuireachais ar bhonn uainchláir
- Ionad oibre: Foirgneamh LEX

## 6. CEANGLAIS INCHÁILITHEACHTA

Caithfidh na coinníollacha iontrála a leanas a bheith á gcomhlíonadh ag na hiarratasóirí tráth déanta an iarratais:

### 6.1. Coinníollacha ginearálta

- caithfidh náisiúntacht Ballstáit de chuid an Aontais Eorpaigh a bheith acu;
- caithfidh a gcearta iomlána mar shaoránaigh a bheith acu;
- caithfidh siad na teistiméireachtaí iomchuí faoi charachtar a thabhairt ar aird i dtaca lena n-oiriúnacht chun a gcúraimí a chomhlíonadh;
- caithfidh gach oibleagáid a chuirtear orthu faoi na dlíthe náisiúnta a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta acu.

### 6.2. Coinníollacha sonracha

#### a) Oideachas

- ní mór cúrsa iomlán oideachais ollscoile a bheith críochnaithe acu arna fhianú le dioplóma.

#### b) Eolas ar theangacha

- beidh scoth na Gaeilge agus togha an Bhéarla ag na hiarratasóirí.

Sa chuid sin is infheidhme d'fhorálacha na Rialachán Foirne, foráiltear nach ceadmhach oifigigh a cheapadh ach ar choinníoll go gcuirfidh siad ar fáil teistiméireachtaí ar a ndea-cháil lena léireofar a bhfeiliúnacht maidir le comhlíonadh a gcuid cúraimí. Ní earcófar, ar chuntar ar bith, aon iarrthóir ar éirigh leis nó léi sa chomórtas ach nach mbeidh in ann, tráth déanta na tairisceana, na teistiméireachtaí ar a ndea-cháil a chur ar fáil. Forchoimeádann an Ardrúnaíocht freisin an ceart ainm an iarrthóra a bhaint den phainéal, tar éis meastóireacht a dhéanamh ar an gcomhad, mura féidir leis an iarrthóir na teistiméireachtaí sin a chur ar fáil.

Ní mór do na hiarrthóirí na coinníollacha iontrála go léir a bheith á gcomhlíonadh acu tráth déanta an iarratais, ach amháin an coinníoll maidir le hoideachas, nach mór a chomhlíonadh sula n-earcófar iad. Féadfaidh na hiarrthóirí an dioplóma lena bhfianaithe an cúrsa iomlán oideachais ollscoile a thíolacadh sula n-earcófar iad <sup>1</sup>.

## 7. CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN

### 7.1. Riachtanach

- Scoth na Gaeilge agus Béarla an-mhaith
- Scileanna maithe i ndáil le faisnéis a láimhseáil, a phróiseáil agus a tháirgeadh
- Meon na freagrachta
- Cumas oibriú ar shlí eagraithe chruinn
- Cruinneas maidir le cúraimí a chur i gcrích
- Cumas freagairt go hionchuí do luaineachtaí san ualach oibre nó do luas na hoibre
- Cumas oiriúnú d'athruithe sa timpeallacht oibre, do na dualgais, tosaíochtaí, modhanna oibre nó nósanna imeachta, lena n-áirítear athruithe a bhaineann le TF
- Cumas feidhmiú i bhfoireann

### 7.2. Buntáisteach

- Taithí mar aistritheoir
- Taithí ar na huirlisí aistriúcháin a úsáidtear sna hinstiúidí
- Eolas ar theangacha oifigiúla eile de chuid an Aontais Eorpaigh

<sup>1</sup> Airteagal 10 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh (CFSE) agus Airteagal 5(3) de na Rialacháin Foirne: 'Seo a leanas na ceanglais iosta a bheidh i gceist sula gceapfar duine i bpost (...) b) i ngrúpa feidhme AD le haghaidh ghrád 5 agus le haghaidh ghrád 6:

(i) leibhéal oideachais arb ionann é agus cúrsa ollscoile trí bliana ar a laghad a bheith críochnaithe arna fhianú ag dioplóma, nó  
(ii) i gcás go mbeidh sé disteanaithe ar mhaithe leis an tseirbhís, oiliúint ghairmiúil ar leibhéal coibhéiseach.'

## 8. NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN

### 8.1. Clárú ar líne

Is féidir iarratas a chur isteach trí úsáid a bhaint as an gcóras EU CV Online:

([https://ec.europa.eu/dgs/personnel\\_administration/open\\_applications/CV\\_Cand/](https://ec.europa.eu/dgs/personnel_administration/open_applications/CV_Cand/)). Chun iarratas a chur isteach ar líne tríd an mbunachar sonraí EU CV Online, ní mór d'iarrthóirí cuntas a chruthú ar dtús nó síniú isteach i gcuntas atá acu cheana féin, agus CV a chomhlánú ar líne. Nuair a bheidh an CV comhlánaithe go hiomlán, féadfaidh na hiarrthóirí iarratas a chur isteach ar an bhfolúntas seo. Is i mBéarla nó i bhFraincis a dhéanfar an t-iarratas agus beidh litir chumhdaigh i nGaeilge, mar aon le haistriúchán go Béarla, ag gabháil leis. Moltar do na hiarrthóirí gach réimse ábhartha ar an iarratas a líonadh.

**Sula ndéanfaidh tú iarratas, ba cheart duit a sheiceáil go cúramach an gcomhlíonann tú na ceanglais incháilitheachta uile (féach Roinn 6).**

Ní gá doiciméid tacaíochta a chur isteach ag an gcéim seo – beidh siad sin á lorg níos déanaí ó iarrthóirí a gheobhaidh cuireadh chun agallaimh (féach roinn 8.4).

Nuair a bheidh do chlárúchán ar líne comhlánaithe agat, gheobhaidh tú cláruimhir ar an scáileán, nach mór duit a choimeád. Ach a mbeidh an uimhir sin agat, beidh an próiseas clárúcháin críochnaithe. Is í an uimhir sin d'uimhir thagartha maidir le gach ceist a bhaineann le d'iarratas. Mura bhfaighidh tú uimhir, is amhlaidh nár cláraíodh d'iarratas.

Cuirfear admháil go bhfuarthas an t-iarratas chuig an seoladh ríomhphoist a thabharfaidh tú san iarratas agat. Is fút féin a chinntiú gur thug tú an seoladh ríomhphoist ceart.

**Ní bhreathnófar ach ar iarratais a chuirfear isteach trí EU CV Online, agus orthusan amháin.**

Ní mór gach ceist theicniúil a bhaineann le EU CV Online a chur trí leathanach teagmhála EU CV Online.

Má bhíonn tuilleadh ceisteanna agat, téigh i dteagmháil leis an Oifig um Sheirbhísí Foirne Sealadaí i gComhairle an Aontais Eorpaigh ag [Temporary.staffing-requests@consilium.europa.eu](mailto:Temporary.staffing-requests@consilium.europa.eu), agus luaigh go soiléir an tagairt don ghlaó ar iarratais, do chláruimhir agus an cheist atá agat.

### 8.2. Coiste roghnúcháin

D'fhonn cabhrú leis an Údarás a bhfuil cumhacht aige conarthaí fostaíochta a thabhairt chun críche, agus rogha á déanamh ag an Údarás sin, bunófar coiste roghnúcháin agus cuirfear de chúram air liosta de na hiarrthóirí is fearr a chur i dtoll a chéile.

Tugtar faoi deara gur faoi rún a bhíonn obair agus plé gach coiste roghnúcháin agus go bhfuil cosc ar iarrthóirí aon iarracht a dhéanamh dul i dteagmháil le comhalta den bhord. Is ceadmhach don údarás a bhfuil cumhacht aige conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích aon iarrthóir nach n-urramóidh na treoracha seo a dhícháiliú.

### 8.3. Cead isteach sa nós imeachta roghnúcháin

Is ionann d'iarratas a chur isteach agus a dhearbhu go gcomhlíonann tú na coinníollacha ginearálta agus sainiúla a liostaítear i roinn 6. Tar éis an spriocdháta chun clárú ar líne, déanfaidh an coiste roghnúcháin na hiarratais a cuireadh isteach a mheasúnú i leith na gceanglas incháilitheachta a luaitear i roinn 6 de réir na faisnéise a sholáthair na hiarrthóirí ina n-iarratas. Déanfar na hiarratais a chomhlíonann na coinníollacha sin a mheasúnú ansin i leith na gcrítéar roghnúcháin faoi roinn 7. Tabharfar cuireadh do na hiarrthóirí is feiliúnaí don phost páirt a ghlacadh i gcéim an mheasúnaithe. Ní rachfar i dteagmháil ach leis na hiarrthóirí a chuirfear ar an ngearrliosta.

### 8.4. Cuireadh chun páirt a ghlacadh i gcéim an mheasúnaithe

Déanfar measúnú ar na hiarrthóirí ar bhonn na faisnéise a thabharfaidh siad san iarratas. Tabharfar cuireadh chun triail scríofa do na hiarrthóirí a roghnófar; is i mBaile Átha Cliath nó sa Bhruiséil a bheidh na trialacha sin ar siúl. Triail dhíbreach a bheidh i gceist agus ní thabharfar cuireadh chun agallaimh sa Bhruiséil ach dóibh siúd a n-éireoidh leo sa triail scríofa.

Iarrfar ar na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh, cóip dá ndioplóma nó dá ndioplómaí, má tá fáil air nó orthu (féach pointe 6.2), agus na doiciméid tacaíochta a bhaineann lena dtaithí ghairmiúil a thiolacadh, lá an agallaimh, ina léireofar go soiléir na dátaí ar thosaigh agus ar chríochnaigh an taithí, an post nó na poist a bhí acu, mar aon le ról agus cineál beacht na ndualgas a bhí orthu.

Sula síneofar conradh, beidh ar na hiarrthóirí ar éirigh leo doiciméid eile a sholáthar lena gcruthaítear go bhfuil na critéir incháilitheachta comhlíonta acu.

### 8.5. Céim an mheasúnaithe

Tabharfaidh an triail scríofa agus an t-agallamh deis don choiste roghnúcháin measúnú a dhéanamh ar an iarrthóir de réir na gcrítéar roghnúcháin a thuairiscítear i roinn 7. Trí mheán na Gaeilge agus trí mheán an Bhéarla a reáchtálfar an t-agallamh. I gcás na trialach scríofa, beidh téacs Béarla ina mbeidh tuairim is 25 líne le haistriú go Gaeilge. Tabharfar tuilleadh sonraí faoin triail scríofa do na hiarrthóirí a gheobhaidh cuireadh chuig céim na trialach.

### 8.6. Doiciméid a fhíorú agus a ghrinnscrúdú

Déanfaidh an coiste roghnúcháin iarratais na n-iarrthóirí ar éirigh leo i gcéim an mheasúnaithe a sheiceáil i leith na ndoiciméad tacaíochta a sholáthair siad d'fhonn cruinneas agus incháilitheacht an iarratais a dheimhniú. Más rud é, ag céim ar bith den nós imeachta, go suitear go ndearnadh an fhaisnéis atá san iarratas a fhalsú go feasach, déanfar an t-iarrthóir a dhícháiliú as an bpróiseas roghnúcháin.

Dicháileofar iarrthóirí freisin más rud é:

- nach gcomhlíonann siad na critéir incháilitheachta go léir; nó
- nach soláthraíonn siad na doiciméid riachtanacha tacaíochta go léir.

### 8.7. An Painéal

Cuirfear na hiarrthóirí is fearr ar phainéal. Sular dtairgfear post dóibh, seiceálfar na hiarratais agus na doiciméid tacaíochta ar fad a bheidh ag gabháil leo i bhfianaise na gceanglas incháilitheachta agus na gcritéir roghnúcháin. Féadfaidh an roinn earcaíochta na hiarrthóirí a bheidh ar an bpainéal a chur faoi agallamh arís sula n-earcófar iad.

## 9. COMHIONANNAS DEISEANNA

Is fostóir comhionannais deiseanna í Ardrúnaíocht na Comhairle (féach Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an bhfógra seo) agus is díol sásaimh di iarratais a fháil ó iarrthóirí fireanna agus baineanna arb as an raon geografach is leithne is féidir dóibh as measc Bhallstáit an Aontais.

Cuireann an Ardrúnaíocht bearta ar fáil chun réiteach a dhéanamh idir an saol gairmiúil agus an saol príobháideach. Féadfar socruithe a dhéanamh san ionad oibre do dhaoine atá faoi mhíchumas. Is féidir leis an Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna cúnaimh a chur ar fáil freisin le linn an nós imeachta earcaíochta. Má tá tú faoi mhíchumas, téigh i dteagmháil leis an Oifig um Chomhdheiseanna (egalite-des-chances@consilium.europa.eu), le do thoil.

## 10. IARRATAIS A ATHSCRÚDÚ

Leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an bhfógra seo na nósanna imeachta maidir le hiarratais ar athbhreithniú, ar achomhairc, agus ar tharchur chuig an Ombudsman Eorpach.

## 11. COSAINT SONRAÍ

Leagtar amach na rialacha lena rialaítear próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann leis an nós imeachta roghnúcháin seo in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bhfógra seo.

## 12. AMCHLÁR ACHOMAIR

An dáta deiridh a nglacfar le hiarratais: 15 Iúil 2018

Trialacha: idir an 10 agus an 14 Meán Fómhair 2018

Agallaimh: Deireadh Fómhair 2018

## 13. COINNÍOLLACHA EARCAÍOCHTA

Na hiarrthóirí a n-éireoidh leo, féadfar conradh mar ghníomhaire sealadach sa Chomhairle a thairiscint dóibh, ar bhonn Airteagal 2(b) de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile<sup>1</sup>. Dhá bhliain ar a laghad a mhairfidh an conradh (tréimhse phromhaidh naoi mí san áireamh), agus ceithre bliana ar a mhéad, inathnuaite go ceann tréimhse nua nach faide ná dhá bhliain. Faoi Airteagal 8 de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, "nuair a bheidh a gconarthaí imithe in éag, ní fhéadfar na seirbhísigh sin a shannadh do phoist bhunaithe sna hinstiúidí mura gceapfar iad mar oifigigh i gcomhréir leis na Rialacháin Foirne." Beidh feidhm ag an bhforáil seo beag beann ar an mbealach ar tháinig deireadh leis an bhfostaíocht.

Is ar ghrád AD5 a dhéanfar duine a earcú agus buntuarastal míosúil de EUR 4 707.34 (an chéad chéim) aige nó aici.

De bhreis ar an mbuntuarastal, d'fhéadfadh an comhalta den fhoireann shealadach a bheith i dteideal liúntais éagsúla, go háirithe liúntas teaghlaigh, liúntas easaoránachta (16% den bhuntuarastal móide liúntas teaghlaigh), liúntas linbh chleithiúnaigh agus liúntas oideachais. Beidh an tuarastal faoi réir cáin de chuid an Aontais Eorpaigh a asbhainfear ag an bhfoinse agus beidh sé diolmhaithe ó cháin náisiúnta.

<sup>1</sup>

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhíseach Eile an Aontais Eorpaigh, arna leagan síos le Rialachán (CEE, EURATOM, ECSC) Uimh. 259/68 ón gComhairle agus arna leasú go deireanach le Rialachán (AE, EURATOM) Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 - <http://eur-lex.europa.eu>.

**ATHBHREITHNIÚ A IARRAIDH – NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHAIRC  
GEARÁIN CHUIG AN OMBUDSMAN EORPACH**

Má mheasann tú, tráth ar bith le linn an nós imeachta roghnúcháin, go bhfuil tú thíos le cinneadh éigin a rinneadh, féadfaidh tú dul i muinín na modhanna seo a leanas:

- **Athbhreithniú a iarraidh maidir leis na cinntí a rinne an Coiste Comhairleach Roghnúcháin**

Laistigh de dheich lá ó dháta na litreach lena dtugtar fógra duit faoi chinneadh a rinne an Coiste Comhairleach Roghnúcháin, féadfaidh tú iarratas i scríbhinn ar athbhreithniú ar an gcinneadh sin a thíolacadh chuig an seoladh a leanas, agus na cúiseanna atá le d'iarratas á leagan amach ann:

Conseil de l'Union européenne  
Services du personnel temporaire  
Rue de la Loi/Wetstraat 175 - B-1048 BRUXELLES/BRUSSEL  
seoladh rphoist: [Temporary.staffing-requests@consilium.europa.eu](mailto:Temporary.staffing-requests@consilium.europa.eu)

- **Achomhairc**

Féadfaidh tú gearán a thaisceadh leis an Údarás atá údaraithe chun na conarthaí a chur i gcrích i ndáil le freagra diúltach ar d'iarratas ar athbhreithniú nó i ndáil le haon ghníomh eile a mbeidh tú thíos leis mar gheall air, ar gníomh é a ghlac an tÚdarás atá údaraithe chun na conarthaí a chur i gcrích faoi Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, laistigh de na teorainneacha ama dá bhforáiltear, chuig an seoladh a leanas:

Conseil de l'Union européenne  
Unité des conseillers, DGA 1  
Rue de la Loi/Wetstraat 175 - B-1048 BRUXELLES/BRUSSEL

Féadfaidh tú cás a thabhairt os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh faoi Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne i gcás inar diúltaíodh don ghearán dá dtagraítear thuas.

- **Gearáin chuig an Ombudsman Eorpach**

Féadfaidh tú, mar a fhéadfaidh gach saoránach eile den Aontas, gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach ag an seoladh seo a leanas:

Médiateur européen  
1 avenue du Président Robert Schuman – BP 403 - F-67001 STRASBOURG Cedex

faoi Airteagal 228(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach sa Chinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 1994 maidir leis na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman, a foilsíodh in Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach, L 113 an 4 Bealtaine 1994.

Tabhair faoi deara, maidir le gearáin a thaiscfear leis an Ombudsman Eorpach, nach mbeidh éifeacht fionraíochta ar bith acu i dtaca leis an tréimhse ama a leagtar síos in Airteagal 90(2) agus in Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne i ndáil le gearáin nó le hachomhairc a thaisceadh le Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

## **COSAINT SONRAÍ**

Ós í Ardrúnaíocht na Comhairle an institiúid a bhfuil freagracht uirthi as an nós imeachta roghnúcháin a eagrú, áirithíonn sí go bpróiseáiltear sonraí pearsanta na n-iarratasóirí i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin.

Is iad Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus an Cinneadh ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2013 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint (2013/488/AE) is bunús dlí don nós imeachta roghnúcháin. Is faoi fhreagracht na Stiúrthóireachta um Acmhainní Daonna (DGA 1), an tAonad Foirne agus Soghluaisteachta, a sheoltar an nós imeachta roghnúcháin, agus is é ceann an aonaid sin an rialaitheoir. Beidh rochtain ag comhaltaí na hOifige um Sheirbhísí Foirne Sealadaí agus ag a n-oifigigh uachtaracha, ag comhaltaí an Choiste Chomhairligh Roghnúcháin agus, más gá, ag comhaltaí aonad na gcomhairleoirí dlí, ar an bhfaisnéis a chuirfidh iarrthóirí ar fáil. An fhaisnéis riaracháin lena saináithnítear iarrthóir agus/nó eagrú praiticiúil an nós imeachta féin, féadfar í a sheachadadh chuig ionad measúnaithe.

Is é an cuspóir atá leis an oibríocht phróiseála, sonraí a bhailiú lena saináithneofar gach iarrthóir ar phost le hArdrúnaíocht na Comhairle agus duine a roghnú as measc na n-iarrthóirí sin.

Seo a leanas na sonraí atá i gceist:

- sonraí pearsanta lena bhféadfar na hiarratasóirí a shainaithint (sloinne, céadainm, dáta breithe, inscne, náisiúntacht);
- faisnéis a chuireann na hiarratasóirí ar fáil chun eagrú praiticiúil an nós imeachta a éascú (seoladh poist, seoladh rphoist, uimhir theileafóin);
- faisnéis a chuireann na hiarratasóirí ar fáil chun go mbeifear in ann a mheas an gcomhlíonann siad na coinníollacha iontrála a leagtar síos i bhfógra an fholúntais (náisiúntacht; teangacha; cáilíochtaí na n-iarratasóirí agus an bhliain ar bronnadh iad, an cineál dioplóma/céime, ainm na hinstitiúide bronnta, taithí ghairmiúil);
- más infheidhme, faisnéis faoi chineál agus faoi fhad ama imréiteach slándála na n-iarrthóirí;
- torthaí na scrúduithe roghnúcháin a rinne na hiarratasóirí, lena n-áirítear an mheastóireacht a rinne comhairleoirí an ionaid measúnaithe a ullmhú thar ceann an choiste roghnúcháin.

Is ar an dáta a bhfaightear an t-iarratas a chuirtear tús lena phróiseáil.

Cuirtear na hiarratais i gcomhad agus stóráiltear iad mar seo a leanas:

- I gcás iarrthóirí nach mbeidh ar an ngearrliosta: dhá bhliain
- I gcás iarrthóirí a n-éireoidh leo: ar feadh ré an phainéil

Féadfaidh gach iarratasóir a cheart nó a ceart rochtana ar na sonraí pearsanta a fheidhmiú chomh maith leis an gceart chun na sonraí sin a cheartú. Ba cheart iarratais chuí-réasúnaithe a sheoladh chuig an Oifig um Sheirbhísí Foirne Sealadaí ag [Temporary.staffing@consilium.europa.eu](mailto:Temporary.staffing@consilium.europa.eu)

Féadfaidh iarratasóirí dul i dteagmháil leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí tráth ar bith ([edps@edps.europa.eu](mailto:edps@edps.europa.eu)).

## **COMHIONANNAS DEISEANNA IN ARDRÚNAÍOCHT NA COMHAIRLE**

Mar fhostóir, tá Ardrúnaíocht na Comhairle freagrach as comhionannas deiseanna idir fir agus mná a áirithiú agus idirdhealú ar aon fhoras a chosc.

Is iad seo a leanas príomhaidhmeanna an Bheartais Comhdhiseanna atá aici:

- urraim na mbeartas acmhainní daonna agus bainistithe pearsanra atá aici do phrionsabail an chomhionannais agus an neamhidirdhealaithe a áirithiú;
- ionadaíocht chothrom idir fir agus mná a bhaint amach, go háirithe i bpoist bhainistíochta;
- a staid siúd atá faoi mhíchumas a fheabhsú, ó thaobh inrochtaineacht a foirgnimh agus timpeallacht oibre a bheith ar fáil atá cuimsitheach agus oiriúnaithe dá riachtanais:

*\*D'fhéadfadh athchóiriú ar dhualgais nó ar fhreagrachtaí, áiseanna teicniúla a chur ar fáil agus coigeartuithe eile ar an timpeallacht oibre a bheith i gceist i gcoigeartuithe do dhaoine atá faoi mhíchumas ('cóiríocht réasúnach'). Déanfar bearta den sórt sin i ngach cás ach i gcás go gcuirfidis ualach míchuí ar acmhainní na hinstiúide.*

- an fhoireann atá aici a chosaint ó chiapadh san áit oibre;
- riachtanais foirne a chur san áireamh chun cothromaíocht a aimsiú idir tiomantais oibre agus teaghlaigh trí phacáiste maith beart atá fabhrach do theaghlaigh, lena n-áirítear fleisc-am, teilea-obair agus comhroinnt poist, a thairiscint.

### **Bearta cothromaíochta oibre agus saoil**

Tá córas **fleisc-ama** i bhfeidhm san Ardrúnaíocht i gcomhréir le seachtain oibre 40 uair, agus deiseanna **athshlánaithe** (fleisc-saoire) ar fáil don fhoireann neamhbhainistíochta. Is féidir **amchlár indibhidiúil**, laistigh d'uaireanta creata 7.00 go dtí 20.00, a aontú i líon mór timpeallachtaí oibre.

Is féidir **obair pháirtaimseartha** a dheonú, mar shampla chun aire a thabhairt do leanbh cleithiúnach suas go haois 12 bhliain, nó 14 bliana nuair is tuismitheoir aonair an t-oifigeach.

20 seachtain a mhaireann **saoire mháithreachais reachtúil** agus is féidir suas le dhá uair an chloig sa lá a dheonú do bheathú cíche. Tá sé de cheart ag aithreacha deich lá **saoire atharthachta** le pá a ghlacadh. Is féidir suas le sé mhí **saoire tuismitheoirí** a dheonú le liúntas ar ráta comhréidh. I gcás breoiteacht thromchúiseach a bheith ar pháiste nó i gcás é nó í a bheith faoi mhíchumas, bíonn saoire mháithreachais, atharthachta agus tuismitheoirí níos faide i gceist. Is féidir **saoire theaghlaigh** le liúntas ar ráta comhréidh a bheith ann i gcás baill teaghlaigh a bhfuil breoiteacht thromchúiseach orthu nó atá faoi mhíchumas.

Deonaítear **saoire speisialta** i gcásanna amhail pósadh, amhail breith nó uchtú linbh, agus bás nó breoiteacht thromchúiseach baill teaghlaigh. I gcásanna eisceachtúla, is féidir **saoire gan phá ar fhorais phearsanta (CCP)** a cheadú.

Ag brath ar na cúraimí agus ar an timpeallacht oibre a bheidh i gceist, is féidir **teilea-obair** a dhéanamh faoin gcóras caighdeánach teilea-oibre (60% sa bhaile agus 40% san oifig de ghnáth) nó faoi chóras na teilea-oibre ócáidí (suas go dtí 60 lá sa bhliain).

Tá **na háiseanna cúraim leanaí** seo a leanas ar fáil do chomhaltaí foirne a bhfuil leanaí acu, de réir critéir thosaíochta:

Naiolann Ardrúnaíocht na Comhairle do leanaí faoi bhun 4 bliana d'aois, cúram tar éis na scoile agus áiseanna saoire arna n-eagrú ag an gCoimisiún Eorpach, agus gníomhaíochtaí tar éis na scoile arna n-eagrú ag na scoileanna Eorpacha.

Tá tuilleadh faisnéise le fáil ach ríomhphost a chur chuig [egalite-des-chances@consilium.europa.eu](mailto:egalite-des-chances@consilium.europa.eu).